Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5719/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0018(BUD)**

**FIN 84**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 81 final |
| Ábhar: | Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta 2022 lena ndéantar buiséadú maidir leis an tionchar ar bhuiséad 2022 den Choigeartú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 81 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 81 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.1.2022
COM(2022) 81 final

2022/0018 (BUD)

# DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH UIMH. 1
# A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2022

**lena ndéantar buiséadú maidir leis an tionchar ar bhuiséad 2022 den Choigeartú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027**

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, a glacadh an 24 Samhain 2021[2],

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad 2022 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

## ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá fáil ar na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-en.htm).

[1] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020).

[2] COM(2021) 300, IO L XX, xx.2.2022.

## Clár

1. INTRODUCTION ..... 3
2. REQUESTS BY MFF HEADING AND PROGRAMMES ..... 3
2.1 Sub-heading 2a – Economic, social and territoral cohesion ..... 4
2.2 Heading 3 – Natural Resources and Environment ..... 4
2.3 Heading 4 - Migration and Border Management ..... 4
2.4 Heading 5 - Security and Defence ..... 5
3. FINANCING ..... 5
4. SUMMARY TABLE BY MFF HEADING ..... 6

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. RÉAMHRÁ

Glacadh Rialachán CAI do na blianta 2021-2027[3] i mí na Nollag 2020. An creat reachtach le haghaidh na gcistí faoi bhainistíocht chomhroinnte le haghaidh na tréimhse 2021-2027, agus go háirithe Rialachán na bhForálacha Coiteanna[4], glacadh é i lár 2021. D'fhág sé sin nach raibh an creat dlíthiúil le haghaidh bheart chlársceidealú na gcistí faoi bhainistíocht chomhroinnte i bhfeidhm ach go déanach.

Le hAirteagal 7 de Rialachán CAI déantar foráil maidir le coigeartú sonrach a dhéanamh ar uasteorainneacha CAI, atá le déanamh ag an gCoimisiún ag tús 2022, lena gceadaítear leithdháileadh 2021 de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a aistriú i gcás na gcistí sainaitheanta faoi bhainistíocht chomhroinnte nár úsáideadh ná nár tugadh anonn, i gcás ina nglacfaí rialacha nó cláir nua faoi bhainistíocht chomhroinnte tar éis an 1 Eanáir 2021. Is iad na naoi gciste lena mbaineann, a leagtar amach liosta díobh in Airteagal 7(1) de Rialachán CAI, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí.

Áirítear i dTeachtaireacht shonrach torthaí na gcoigeartuithe ar uasteorainneacha CAI Cheannteidil 2a, 3, 4 agus 5 atá le déanamh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán CAI[5].

Léirítear le Dréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 1 do 2022 tionchar sonrach an aistrithe sin ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2022 i gcás na gcistí éagsúla faoi bhainistíocht chomhroinnte faoi Cheannteidil 2a, 3, 4 agus 5. Léireofar na méideanna eile atá le haistriú i nDréachtbhuiséid 2023, 2024 agus 2025 faoi seach.

Ar an iomlán, is é méadú EUR 12 247.1 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas tionchar glan an DAB sin ar chaiteachas i méideanna bhuiséad 2022. Ní iarrtar aon leithreasú breise faoi chomhair íocaíochtaí.

### 2. IARRATAÍ DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI AGUS DE RÉIR CLÁIR

Is coinníollacha riachtanacha iad glacadh na Teachtaireachta seo maidir le coigeartú CAI agus glacadh an DBA sin maidir leis na cláir uile nár glacadh in 2021 – tríd an gcéad tráthchuid de ghealltanais bhuiséadacha agus trí réamh-mhaoiniú a íoc faoi na cláir sin – a chur chun feidhme in 2022. Baineann an beart ath-chlársceidealaithe sin le gach ceann de na 27 mBallstát. Dá nglacfaí an DBA sin go pras, sheachnófaí tuilleadh moille ar chur chun feidhme na gclár.

I gcomhréir le forálacha Airteagal 7 de Rialachán CAI, aistrítear na méideanna nár gealladh in 2021 ná nár tugadh anonn chuig 2022[6] i gcionmhaireachtaí comhionanna chuig gach ceann de na blianta 2022 go 2025. Dá bhrí sin, léirítear leis an DAB sin aistriú 25 % de na leithdháiltí nár úsáideadh in 2021 (i.e. leithreasuithe faoi chomhair gealltanas nár úsáideadh ná nár tugadh anonn), céatadán a

---

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

[4] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí.

[5] COM(2022) 80.

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

chomhfhreagraíonn do mhéid iomlán EUR 12 247.1 milliún, chuig an mbliain airgeadais 2022. Tugtar mionsonrú, de réir líne bhuiséid, ar na méideanna sonracha atá le haistriú chuig 2022 sna táblaí thíos.

Níl aon athrú ar leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta á mholadh ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an dréachtbhuiséid leasaithigh sin. Coimeádfaidh sé súil ghéar ar chur chun feidhme an bhuiséid, mar is gnách, rud a bhféadfadh tograí le haghaidh coigeartaithe a theacht as níos faide anonn sa bhliain.

## 2.1 Fo-cheannteideal 2a – An comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach

Is é EUR 11 605.4 milliún, mar a shonraítear thíos, an méadú ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in 2022 de bharr an aistrithe chomhfhreagraigh 25 % de na leithdháiltí nár úsáideadh in 2021 ná nár tugadh anonn chuig 2022:

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas |
|---|---|---|
| Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) | | |
| 05 02 01 | CFRE — Caiteachas oibríochtúil | 7 224 718 708 |
| 05 02 04 | An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) — Ranníocaíocht ó Choiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) | 14 353 159 |
| 05 02 07 | An Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) — Ranníocaíocht ó CFRE | 11 307 381 |
| An Ciste Comhtháthaithe (CC) | | |
| 05 03 01 | An Ciste Comhtháthaithe (CC) — Caiteachas oibríochtúil | 1 166 831 558 |
| 05 03 05 | An Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) — Ranníocaíocht ó CC | 2 985 607 |
| Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) | | |
| 07 02 01 | CSE+ an snáithe faoi bhainistíocht chomhroinnte — Caiteachas oibríochtúil | 3 175 830 376 |
| 07 02 03 | An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) — Ranníocaíocht ó CSE+ | 3 588 359 |
| 07 02 09 | An Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) — Ranníocaíocht ó CSE+ | 5 771 169 |
| **Iomlán** | | **11 605 386 317** |

## 2.2 Ceannteideal 3 – Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol

Is é EUR 445.7 milliún, mar a shonraítear thíos, an méadú ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in 2022 de bharr an aistrithe chomhfhreagraigh 25 % de na leithdháiltí nár úsáideadh in 2021 ná nár tugadh anonn chuig 2022:

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas |
|---|---|---|
| An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) | | |
| 08 04 01 | CEMID — Caiteachas oibríochtúil faoi bhainistíocht chomhroinnte | 162 067 555 |
| 08 04 05 | An Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) — Ranníocaíocht ó CEMID | 344 024 |
| An Ciste um Aistriú Cóir | | |
| 09 03 01 | An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) — Caiteachas oibríochtúil | 283 257 264 |
| **Iomlán** | | **445 668 843** |

## 2.3 Ceannteideal 4 - Imirce agus Bainistiú Teorainneacha

Is é EUR 169.0 milliún, mar a shonraítear thíos, an méadú ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in 2022 de bharr an aistrithe chomhfhreagraigh 25 % de na leithdháiltí nár úsáideadh in 2021 ná nár tugadh anonn chuig 2022:

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas |
|---|---|---|
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL) | | |
| 10 02 01 | An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | 99 359 253 |
| An Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (CBCT) - an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) | | |
| 11 02 01 | An Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí | 69 624 839 |
| **Iomlán** | | **168 984 092** |

## 2.4 Ceannteideal 5 - An tSlándáil agus an Chosaint

Is é EUR 27.0 milliún, mar a shonraítear thíos, an méadú ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in 2022 de bharr an aistrithe chomhfhreagraigh 25 % de na leithdháiltí nár úsáideadh in 2021 ná nár tugadh anonn chuig 2022:

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas |
|---|---|---|
| An Ciste Slándála Inmheánaí (CSI) | | |
| 12 02 01 | An Ciste Slándála Inmheánaí (CSI) | 27 035 754 |
| **Iomlán** | | **27 035 754** |

## 3. Maoiniú

Ar an iomlán, is é méadú EUR 12 247.1 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2022 tionchar glan an DAB sin ar chaiteachas. Ní iarrtar aon leithreasú breise faoi chomhair íocaíochtaí.

## 4. TÁBLA ACHOIMRE DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI

*In EUR*

| | | Buiséad 2022 | | Dréachtbhuiséad Leasaitheach 1/2022 | | Buiséad 2022 (lena n-áirítear DBL 1/2022) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | LfcG | LfcÍ | LfcG | LfcÍ | LfcG | LfcÍ |
| **1.** | **An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach** | **21 775 079 340** | **21 473 535 651** | | | **21 775 079 340** | **21 473 535 651** |
| | *Agus de sin: méid faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *21 878 000 000* | | | | *21 878 000 000* | |
| | *Corrlach* | *102 920 660* | | | | *102 920 660* | |
| **2.** | **Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | **56 038 991 548** | **62 052 771 658** | **11 605 386 317** | | **67 644 377 865** | **62 052 771 658** |
| | *Agus de sin: méid faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *56 200 000 000* | | *11 606 000 000* | | *67 806 000 000* | |
| | *Corrlach* | *161 008 452* | | *613 683* | | *161 622 135* | |
| 2a. | Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | 49 708 806 007 | 56 350 922 710 | 11 605 386 317 | | 61 314 192 324 | 56 350 922 710 |
| | *Agus de sin: méid faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *49 739 000 000* | | *11 606 000 000* | | *61 345 000 000* | |
| | *Corrlach* | *30 193 993* | | *613 683* | | *30 807 676* | |
| 2b. | Athléimneacht agus luachanna | 6 330 185 541 | 5 701 848 948 | | | 6 330 185 541 | 5 701 848 948 |
| | *Agus de sin: méid faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *6 461 000 000* | | | | *6 461 000 000* | |
| | *Corrlach* | *130 814 459* | | | | *130 814 459* | |
| **3.** | **Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | **56 235 443 216** | **56 601 766 838** | **445 668 843** | | **56 681 112 059** | **56 601 766 838** |
| | *Agus de sin: méid faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *56 519 000 000* | | *446 000 000* | | *56 965 000 000* | |
| | *Corrlach* | *283 556 784* | | *331 157* | | *283 887 941* | |
| | **Agus de sin: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha** | **40 368 859 305** | **40 393 039 132** | | | **40 368 859 305** | **40 393 039 132** |
| | *Fo-uasteorainn CERT* | *41 257 000 000* | | | | *41 257 000 000* | |
| | *Difríocht an tslánaithe arna eisiamh chun an fo-chorrlach a ríomh* | *800 000* | | | | *800 000* | |
| | *Glanaistrithe idir CERT agus CETFT* | *-618 000 000* | | | | *-618 000 000* | |
| | *An glan-iarmhéid atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT (fo-uasteorainn arna ceartú le haistrithe idir CERT agus CETFT)* | *40 639 000 000* | | | | *40 639 000 000* | |
| | *Fo-chorrlach CERT* | *270 140 695* | | | | *270 140 695* | |
| **4.** | **Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | **3 091 247 387** | **3 078 265 566** | **168 984 092** | | **3 260 231 479** | **3 078 265 566** |
| | *Agus de sin: méid faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *3 191 000 000* | | *169 000 000* | | *3 360 000 000* | |
| | *Corrlach* | *99 752 613* | | *15 908* | | *99 768 521* | |
| **5.** | **An tSlándáil agus an Chosaint** | **1 785 291 945** | **1 237 861 185** | **27 035 754** | | **1 812 327 699** | **1 237 861 185** |
| | *Agus de sin: méid faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *1 868 000 000* | | *28 000 000* | | *1 896 000 000* | |
| | *Corrlach* | *82 708 055* | | *964 246* | | *83 672 301* | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **6. An Chomharsanacht agus an Domhan** | **17 170 442 918** | **12 916 051 937** | | | **17 170 442 918** | **12 916 051 937** |
| *Agus de sin: méid faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *368 442 918* | | | | *368 442 918* | |
| *Uasteorainn* | *16 802 000 000* | | | | *16 802 000 000* | |
| *Corrlach* | | | | | | |
| **7. An Riarachán Poiblí Eorpach** | **10 620 124 324** | **10 620 224 324** | | | **10 620 124 324** | **10 620 224 324** |
| *Agus de sin: méid faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| *Uasteorainn* | *11 058 000 000* | | | | *11 058 000 000* | |
| *Corrlach* | *437 875 676* | | | | *437 875 676* | |
| **agus de sin: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí** | **8 287 945 711** | **8 288 045 711** | | | **8 287 945 711** | **8 288 045 711** |
| *Fo-uasteorainn* | *8 528 000 000* | | | | *8 528 000 000* | |
| *Fo-chorrlach* | *240 054 289* | | | | *240 054 289* | |
| **Leithreasuithe le haghaidh ceannteideal** | **166 716 620 678** | **167 980 477 159** | **12 247 075 006** | | **178 963 695 684** | **167 980 477 159** |
| ***Uasteorainn*** | ***167 516 000 000*** | ***169 209 000 000*** | ***12 249 000 000*** | | ***179 765 000 000*** | ***169 209 000 000*** |
| ***Agus de sin: méid faoin Ionstraim Sholúbthachta*** | ***368 442 918*** | ***467 248 692*** | | | ***368 442 918*** | ***467 248 692*** |
| ***Corrlach*** | ***1 167 822 240*** | ***1 695 771 533*** | ***1 924 994*** | | ***1 169 747 234*** | ***1 695 771 533*** |
| **Ionstraimí speisialta téamacha** | **2 799 170 382** | **2 622 838 000** | | | **2 799 170 382** | **2 622 838 000** |
| **Iomlán na leithreasuithe** | **169 515 791 060** | **170 603 315 159** | **12 247 075 006** | | **181 762 866 066** | **170 603 315 159** |